# An Briathar




## An Chéad Réimniú

| Inné (seo caite)<br>**Aimsir Chaite** | Gach Lá<br>**Aimsir Láithreach** | Amárach (seo chugainn)<br>**Aimsir Fháistineach** |
|---|---|---|
| D**h**ún | Dúna**nn** | Dúnfa**idh** |
| T**h**óg | Tóga**nn** | Tógfa**idh** |
| G**h**lan | Glana**nn** | Glanfa**idh** |
| B**h**ris | Brisea**nn** | Brisf**idh** |
| Rith | Rithea**nn** | Rithf**idh** |
| Léigh | Léa**nn** | Léif**idh** |
| Scríobh | Scríobha**nn** | Scríobhfa**idh** |
| **D'**ól | Óla**nn** | Ólfa**idh** |
| **D'**fhéach | Féacha**nn** | Féachfa**idh** |

**1.** An Satharn seo caite thóg Máire an páipéar agus léigh sí é. Dhún sí é ansin. Rith sí isteach sa chistin agus d'ól sí cupán tae. Ghlan sí an chistin. Bhris sí cupán. Scríobh sí litir chuig a haintín. D'fhéach sí ar an teilifís ar feadh tamaill.

**a. Scríobh an scéal san Aimsir Láithreach ag tosú:**
Gach Satharn......

**b. Scríobh an scéal san Aimsir Fháistineach ag tosú:**
An Satharn seo chugainn ......

**2.** Gach Luan ritheann Liam go dtí an siopa chun an páipéar a fháil. Léann sé an páipéar sa bhaile. Scríobhann sé litir chuig a uncail agus ólann sé gloine líomanáide.Tógann sé leabhar ansin agus léann sé é ar feadh tamaill. Dúnann sé an leabhar tar éis tamaill agus glanann sé an chistin. Féachann sé ar an teilifís ansin.

**a. Scríobh an scéal san Aimsir Chaite ag tosú:**
An Luan seo caite ......

**b. Scríobh an scéal san Aimsir Fháistineach ag tosú:**
An Luan seo chugainn ......

# An Dara Réimniú

| Inné (seo caite)<br>**Aimsir Chaite** | Gach Lá<br>**Aimsir Láithreach** | Amárach (seo chugainn)<br>**Aimsir Fháistineach** |
|---|---|---|
| D**h**úisigh | Dúisío**nn** | Dúiseo**idh** |
| C**h**óirigh | Cóirío**nn** | Cóireo**idh** |
| C**h**lúdaigh | Clúdaío**nn** | Clúdó**idh** |
| C**h**uardaigh | Cuardaío**nn** | Cuardó**idh** |
| C**h**eannaigh | Ceannaío**nn** | Ceannó**idh** |
| **D'**éirigh | Éiríon**nn** | Éireo**idh** |
| **D'**imigh | Imío**nn** | Imeo**idh** |
| **D'**oscail | Osclaío**nn** | Osclóidh |

**1.** An Luan seo caite dhúisigh Dónall ar a seacht a chlog. Tar éis tamaill d'éirigh sé agus chóirigh sé a leaba. Tar éis a bhricfeasta d'oscail sé an doras agus d'imigh sé ar scoil. Ar a bhealach ar scoil cheannaigh sé cóipleabhar. Chuardaigh sé a phócaí agus cheannaigh sé úll chomh maith. An oíche sin chlúdaigh sé an cóipleabhar.

**a. Scríobh an scéal san Aimsir Láithreach ag tosú:**
Gach Luan ……

**b. Scríobh an scéal san Aimsir Fháistineach ag tosú:**
An Luan seo chugainn ……

**2.** An Domhnach seo chugainn dúiseoidh Siobhán ar a naoi a chlog. Éireoidh sí ar a leathuair tar éis a naoi agus cóireoidh sí a leaba. Osclóidh sí an doras tosaigh tar éis a bricfeasta agus imeoidh sí do dtí an siopa. Ceannóidh sí cóipleabhar. Cuardóidh sí páipéar sa bhaile agus clúdóidh sí an cóipleabhar.

**a) Scríobh an scéal san Aimsir Chaite ag tosú:**
An Domhnach seo caite ……

**b) Scríobh an scéal san Aimsir Láithreach ag tosú:**
Gach Domhnach ……